# Aighneacht

# Straitéis Náisiúnta d'Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge

## Intreoir:

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann.

Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.

Tá 180 craobh agus is iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.



Ceann-Áras: Uimhir 6, Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, Éire
+353 (0)1 4757401 eolas@cnag.ie www.cnag.ie

## IMEALLÚ AR AN NGAEILGE, IMEALLÚ AR NA EALAÍONA TEANGABHUNAITHE DÁ BHARR

Ní gá a luadh go bhfuil imeallú á dhéanamh ar phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta. De bharr sin tá imeallú á dhéanamh ar na healaíona teangabhunaithe. Mar sin tá nasc láidir idir slánú na Gaeilge agus slánú na healaíona teangabhunaithe. Caithfear breathnú ar an straitéis seo ar bhonn uilíoch, má tá fás ann ar phobal na Gaeilge beidh fás ann orthu siúd a ghlacann páirt sna healaíona teangabhunaithe.

## AN COMHAIRLE EALAÍON – CÉARD ATÁ AN T-AIRGEAD Á CHAITHEAMH AIR

Tá sé go maith le cloisteáil go bhfuair Ealaíon na Gaeltachta maoiniú de €1.275 milliún le déanaí. Ach ag rá sin ní mórán é i gcomparáid leis an €69.15 milliún a fuair an Chomhairle Ealaíona i mbliana. Ba chóir go mbeidh leath an t-airgead a fhaigheann an Chomhairle Ealaíona a bheith á chaitheamh ar ealaíon teanga bhunaithe na Gaeilge, sin thart ar €35 milliún.

Tá 7 n-oiread á chaitheamh ar Opera ná atá ar ealaín teangabhunaithe de réir fianaise a thug Darach Ó Tuairisc do Choiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán https://tuairisc.ie/a-seacht-n-oiread-maoinithe-a-thabhairt-don-opera-is-ata-a-thabhairt-do-na-healaiona-gaeilge/. Fágtar tacaíocht do na healaíona Gaeilge d'Fhoras na Gaeilge, nach bhfuair fíor ardú ina buiséad ó 2009, Údarás na Gaeltachta a bhfuil a buiséad laghdaithe go mór ó 2009 agus Roinn Cultúir, Oidhreachta agus na Gaeltachta, áit nach dtugtar cothrom na féinne do bhuiséad na Gaeilge agus na Gaeltachta i gcomparáid le buiséad Cultúir agus Oidhreachta. Mar sin tá éagothroime mhór ar chaiteachas na healaíona teangabhunaithe na Gaeilge i gcomparáid leis an mBéarla go príomha. Ba chóir go mbeidh tosaíocht ann do na healaíona Gaeilge mar gurb í an tír seo amháin sa domhan as a dtagann an teanga seo, mar sin tá sé suas dúinn féin mar thír na healaíona Gaeilge a chaomhnú agus a neartú. Tá go leor tír ag tabhairt deontas do opera agus na healaíona eile atá ar fáil timpeall an domhain, mar sin níl an tábhacht chéanna ann deontas a thabhairt do na healaíona eile is atá leis na healaíona dúchasacha.

## IONAID CULTÚRTHA

Mar chuid de Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge tá sé luaite ba chóir go mbeidh Ionaid Fhisiciúla Acmhainní in áiteanna mór uirbeacha. Luaitear sa straitéis go mbeidh spás amharclainne sna hionaid sin a chuirfidh an borradh na healaíona teangabhunaithe na Gaeilge timpeall na tíre. Tá an Taibhdhearc i nGaillimh mar amharclann náisiúnta na Gaeilge agus mar sin ba chóir go mbeidh breis infheistíocht á chur isteach san amharclann sin ar an leibhéal céanna is atá á chaitheamh ar Amharclann na Mainistreach. Tá amharclann Shiobháin Mhic Chionnaith i gCultúrlann MacAdam Ó Fiaich i mBéal Feirste, tá sé tábhachtach nach ndéantar dearmad sa straitéis seo ar an tuaisceart ar an chaoi gur féidir leis an rialtas anseo chuidiú leo.

Tá gá le breis infheistíocht i gcomplachtaí drámaíochta proifisiúnta. Níl ach comhlacht proifisiúnta amháin ann, sin Aisling Ghéar i mBéal Feirste. Ach ag an am céanna tá gá le spreagadh a thabhairt do na complachtaí amaitéaracha. Tá Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta ag déanamh an jab an earnáil drámaíochta a choinneáil ag imeacht. Tá Gael Linn ag spreagadh na scoileanna trí Scléip agus Siansa. Tá gá anailís rialta a dhéanamh ar conas atá ag éirí leis na tacaíochtaí a chuireann an Stát ar fáil.



Ceann-Áras: Uimhir 6, Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, Éire +353 (0)1 4757401 eolas@cnag.ie www.cnag.ie

## FÉILTE

Tugann féilte deis don chruthaíocht a theacht amach. Tá idir féilte áitiúla agus féilte náisiúnta Gaeilge ann, agus iad ag fás chuile bliain i dtaobh méid na daoine a fhreastalaíonn orthu agus méid na féilte atá á n-eagrú. Caithfear a chinntiú go bhfuil leanúnachas leis na féilte seo, ie go mbíonn siad ar siúl chuile bliain agus go neartaítear iad gach bliain. Ní cóir go mbeidh córas comórtasach ag cur deireadh le féilte. Caithfear gach tacaíocht a thabhairt do na féilte agus bíonn toradh eile a thagann as an tacaíocht sin, bíonn spreagadh eacnamaíochta ann chomh maith.

## SCÉALAÍOCHT

Tá an scéalaíocht mar nós ealaíona i mbaol báis. Tá Oireachtas na Gaeilge mar an t-aon eagraíocht a thugann tacaíocht don scéalaíocht tríd a chomórtais. Ba chóir go mbeidh deontas á thabhairt do na seanchaithe ranganna a mhúineadh do dhaoine óga, ionas go gcoinnítear an ealaín seo. Tá scéalta ag na seanchaithe a théann siar na mílte bliain. Tráth amháin bhí Carna i gConamara mar an ceantar is saibhre san Eoraip i dtaobh scéalaíochta de. Ba chóir go mbeidh scéalaithe ag na féilte, b'fhiú deontas a thabhairt do thionscnamh mar seo.

## LITRÍOCHT

Tá an 3ú litríocht is sine san Eoraip ag an nGaeilge ina dhiaidh an Laidin agus an Ghréigis. Tá sé thar a bheith tábhachtach mar sin litríocht na Gaeilge a choinneáil ag imeacht. Ó a mbunaíodh Conradh na Gaeilge tuigeadh an tábhacht a bhí le litríocht na Gaeilge. Tá Clódhanna Teoranta mar eagraíocht dár gcuid chun an litríocht a chur chun tosaigh sa lá inniu. Dar ndóigh tá go leor foilsitheoirí Gaeilge ann. Ach fós le sin níl a dhóthain leabhair á chló. Tá gá le normalú a dhéanamh ar leabhar as Gaeilge ionas go mbeidh sé níos éasca do phobal na Gaeilge leabhar Gaeilge a cheannach agus a léamh. Tá breis infheistíochta ag teastáil le leabhair a aistriú ó theangacha eile chun leathnú amach ar an tsaothair. Tá gá freisin le ceardlainn sna scoileanna chun daoine óga a spreagadh chun saothar a scríobh. Is fiú níos mó clubanna leabhar a bhunú agus tacaíocht a thabhairt do na cinn atá ann faoi láthair.

## NA MEÁIN

Is é an bealach is fearr leis na healaíona Gaeilge a craobhscaoileadh ná trí na meáin. Arís tá éagothroime ann san earnáil sin. Tá formhór airgid an Stáit á chaitheamh ar na meáin Béarla. Sea, tá TG4 ann a bhfuil ag craoladh go leor cláir teilifíse trí Ghaeilge, ach fós féin níl ach cláracha Gaeilge á chraoladh ar an stáisiún 30% den am. Ar stáisiún RTÉ 1 ní chraoltar cláir Gaeilge ach 0.7% den am (https://www.coimisineir.ie/userfiles/files/Tuarascail_Bhliantuil_2018.pdf lth.18). Nuair a smaoinítear go bhfuil na céadta stáisiún ó Shasana agus Meiriceá ag craoladh anseo in Éirinn léiríonn sé go bhfuil an Ghaeilge thar a bheith imeallaithe ar na meáin. Ar an raidió ní chraoltar ach cláir Gaeilge ar na stáisiúin raidió thart ar 3 ½ uair ar a mheán gach seachtain (https://audioresearchcentre.files.wordpress.com/2018/11/suirbhecc81-faoin-ngaeilge-ar-an-raidiocc81-fv.pdf lth.8). Mar sin tá gá go mbeidh straitéis craoltóireacht Gaeilge ann chomh maith le straitéis d'Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge agus go mbeidh an dá straitéis ag cuidiú lena chéile.



Ceann-Áras: Uimhir 6, Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, Éire +353 (0)1 4757401 eolas@cnag.ie www.cnag.ie

Is maith a fheiceáil go bhfuil tionscnamh ann anois idir TG4, Bord Scannán na hÉireann agus an BAI dar teideal Cine4. Ach arís ba chóir leath de na coimisiúnú a dhéanann Bord Scannán as Gaeilge, mar go bhfuil an earnáil is mó scannáin ar domhan i mBéarla cheana féin, ach dar ndóigh tá gá le scannáin dhúchasacha trí Bhéarla chomh maith, ach faoi láthair tá earnáil scannáin na Gaeilge thar a bheith imeallaithe.

## CNUASACH BHÉALOIDEAS ÉIREANN

Tá an chartlann béaloidis is mó ar domhan in Éirinn, níos mó ná 1 milliún cáipéis. Bhailíodh go leor béaloidis i rith an 20ú haois agus tá áis luachmhar ann do na healaíona teangabhunaithe dúchasacha ansin. Is gá an áis sin a úsáid a bhfuil litríocht na nGael ag dul siar na mílte bliain. B'fhiú tionscnamh a thosú chun comhordú idir an cnuasach agus mar shampla Cine4 chun scannán a dhéanamh de na scéalta béaloidis, nó deontas do leabhar a scríobh faoi na scéalta céanna, chun athghabháil a dhéanamh ar ár gcultúr gan é a bheith i gcartlann ag luí ansin gan úsáid.

## CONCLÚID

Tá sé tábhachtach go bhfuil an Straitéis seo á ndréachtú. Tá deis iontach ann anois chun an éagóir atá déanta ar na healaíona teangabhunaithe na Gaeilge leis na blianta a réiteach. Tá Conradh na Gaeilge ar fáil am ar bith leis an aighneacht seo a phlé.



Ceann-Áras: Uimhir 6, Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, Éire +353 (0)1 4757401 eolas@cnag.ie www.cnag.ie